Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Aibreán 2020
(OR. fr)

12199/19

**Comhad Idirinstitiúideach:
2019/0173 (NLE)**

PECHE 391

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach a thabhairt i gcrích |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an bPrótacal**
**maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh**
**idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe**
**agus an Comhphobal Eorpach**
**a thabhairt i gcrích**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 i gcomhar le pointe (a)(v) den dara fomhír d'Airteagal 218(6) agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1+],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[+] IO: líon isteach le do thoil an fonóta thuas.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Iúil 2007, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 894/2007[1], lenar tugadh i gcrích an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach[2] ("an Comhaontú"). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 29 Lúnasa 2011 agus tá sé fós i bhfeidhm.

(2) An 18 Nollaig 2017, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe (São Tomé agus Príncipe) d'fhonn prótacal nua chun an Comhaontú a chur chun feidhme a thabhairt i gcrích.

(3) Chuaigh an prótacal roimhe sin a bhí ag gabháil leis an gComhaontú in éag an 22 Bealtaine 2018.

(4) Rinne an Coimisiún prótacal nua a chaibidil thar ceann an Aontais. Tar éis an chaibidlíocht a bheith tugtha i gcrích, cuireadh inisealacha leis an bprótacal nua an 17 Aibreán 2019.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 894/2007 ón gComhairle an 23 Iúil 2007 maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach a thabhairt i gcrích (IO L 205, 7.8.2007, lch. 35).

2 IO L 205, 7.8.2007, lch. 36.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/… ón gComhairle[1] [+], síníodh an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach ("an Prótacal") an …[++]+.

(6) Tá an Prótacal á chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe.

(7) Is é is cuspóir don Phrótacal a chur ar chumas an Aontais agus Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe oibriú níos dlúithe le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus acmhainní iascaigh in uiscí São Tomé agus Príncipe a shaothrú ar bhealach fónta, agus tacú le hiarrachtaí São Tomé agus Príncipe a hearnáil iascaigh a fhorbairt.

(8) Ba cheart an Prótacal a fhormheas.

---

1 Cinneadh (AE) 2019/… ón gComhairle an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach (IO L ...).

\+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá in ST 12198/19 agus críochnaigh an fonóta comhfhreagrach.

++ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Phrótacail mar atá in ST 12202/19.

(9) Le hAirteagal 9 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Anuas air sin, i gcomhréir leis an Airteagal sin agus le hAirteagail 6 agus 7(2) den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a ghlacadh. Ionas go n-éascófaí formheas na leasuithe sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Coimisiún, faoi réir coinníollacha sonracha substainteacha agus nós imeachta, chun iad a fhormheas thar ceann an Aontais trí bhíthin nós imeachta simplithe.

(10) Ba cheart don Chomhairle an seasamh ón Aontas maidir leis na leasuithe ar an bPrótacal a bhunú. Déanfar na leasuithe atá beartaithe a fhormheas mura rud é go ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid i gcoinne na leasuithe sin i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(11) Ba cheart an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste maidir le hábhair eile a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais sheanbhunaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo an Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht Dhaonlathach São Tomé agus Príncipe agus an Comhphobal Eorpach a fhormheas thar ceann an Aontais[1+].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 16 den Phrótacal.

*Airteagal 3*

I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na leasuithe a fhormheas a dhéanfar ar an bPrótacal atá le glacadh ag an gComhchoiste arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 9 den Chomhaontú.

---

[1] Foilsíodh téacs an Phrótacail in… in éineacht leis an gcinneadh maidir lena shíniú.

[+] IO: Líon isteach le do thoil an fonóta thuas.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---